**Snáitheanna:** Saol Teaghlaigh Freagrach, Teicstílí agus Ceardaíocht

**Gnéithe:** Cumhachtú an Duine Aonair agus an Teaghlaigh, Maireachtáil Fhreagrach agus Inbhuanaithe

## Tasc

Clúdach Leabhar Nótaí (Teicstílí Praiticiúla)

## Torthaí Foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire....**

**2.8** cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh

**3.2** próiseas agus prionsabail na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle chruthaitheach a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach

**3.3** teicnící bunúsacha fuála láimhe agus/nó innill a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach ar bhealach sábháilte agus oiriúnach

## Rúin Foghlama

**Táim ag foghlaim chun/Tá mé in ann...**

- Trealamh teicstílí a úsáid go sábháilte agus go cuí
- Teicnící fuála a léiriú go cuí
- Próiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm
- A bheith cruthaitheach
- An chaoi le cur amú a sheachaint a aithint
- Feidhm sa dearadh a thuiscint

## Tasc

Agus próiseas na treorach le haghaidh dearadh á úsáid, dear agus cruthaigh clúdach bunaithe ar theicstílí do leabhar nótaí. Ní mór don chlúdach cruthaitheacht a léiriú, gné fheidhmiúil a bheith aige agus cur amú a sheachaint.

## Critéir Ratha

**Éireoidh leis an scoláire más féidir leis...**

**CR1** Scileanna teicstílí a bhfuil ardchaighdeán leo a chur i bhfeidhm

**CR2** Cruthaitheacht a léiriú i dtáirgeadh clúdach leabhar nótaí bunaithe ar theicstílí

**CR3** An chaoi le cur amú a sheachaint a thaispeáint

**CR4** Léirthuiscint ar fheidhm a thaispeáint

**CR5** Fianaise scríofa a chur i láthair faoi phróiseas na treorach le haghaidh dearadh

## Comhthéacs teagaisc agus foghlama

Grúpa scoláirí as an gcéad bhliain, ag a bhfuil cumas measctha, atá i gceist. Tá aonad críochnaithe acu a bhaineann le cócaireacht phraiticiúil agus tá tuiscint acu ar inbhuanaitheacht agus ar an gcaoi le cur amú a sheachaint. Tá taithí mhaith acu ar mheastóireacht a dhéanamh ar chócaireacht phraiticiúil. Tá gné fheidh-miúil pléite acu agus tá tuiscint acu uirthi. Cruthaíodh na critéir ratha le chéile, trí phlé ranga.

## Dálaí

Tréimhse cúig seachtaine. D’oibrigh an scoláire ar an tasc seo sa rang (3 x rang 40 nóiméad sa tseachtain) agus sa bhaile don obair baile.

## Sampla 1



Sampla 1



## Sampla 1



## Sampla 1



To do: Design and create a textile-based cover for a notebook. The cover must show creativity, have a functional feature and avoid waste. What were you asked to do?

make a felt book cover that shows creativity, to avoid waste and it must have a functional feature.

Other things you need to think about...

budget/money
likes/dislikes - colours
Skills - how hard it is

you had to see if you like what you are makeing/your able to make it and you have enough money and time it will take.

Idea 2

Idea 1

## Sampla 1



**Functional ideas**

You could do a bookmark, a pen holder, a Pocket for a Phone or a ribbion.

**Chosen Ideas and 2 reasons for choice**

- I chose to make Idea one because I knew it would be a challange and I liked that. I like the colours.

**Evaluate** (textile skills)

I liked my cutting out because it was not bumpy or jaggad.
I liked my Stitches because they were small but I could do them a bit more even. I also sewed the front on the back and had to change it.

**Evaluate** (did you meet the brief?)

I met most of the brief but when I tied a knot in my thread I did it too far down wasting alot of thread. But I used felt, I showed creativity by coming up with my own idea. I have a ribbion as my functional feature

## Aiseolas: Sampla 1

**CR1** Gearradh amach deilfeanna go beacht. Roinnt samplaí maithe de ghreim reatha. D'fhéadfaí an fhuáil blaincéid a fheabhsú trí oibriú ar thosú/chríochnú, teannas agus méid an ghreama.

**CR2** Fianaise mhaith ar an gcruthaitheacht i dtáirgeadh clúdach leabhar nótaí bunaithe ar theicstílí.

**CR3** Theastaigh tuilleadh feilte nuair a fuadh an dearadh ar chúl chlúdach an leabhair nótaí in ionadh an chlúdaigh tosaigh. Gearradh an dearadh amach agus athcheanglaíodh é agus cuireadh an fheilt eile amú.

**CR4** Cabhróidh greamanna slána leis an gclúdach leabhair a bheith níos feidhmiúla agus fanacht air/gan titim as a chéile. Tá an leabharmharc greamaithe le seilitéip, d'fhéadfadh sé sin a bheith níos sláine ach é a fhuáil. Tá an leabharmharc an-ghar don fhilleadh sa leabhar nótaí agus tá tionchar aige sin ar a fheidhm.

**CR5** D'fhéadfaí lipéid níos soiléire a chur ar smaointe ionas go mbeadh sé níos soiléire céard atá i gceist agat a dhéanamh. Roinnt pointí maithe sa mheastóireacht ag sainaithint na rudaí a bhí go maith agus an chúis agus an chaoi ar féidir an obair a fheabhsú a thuilleadh.

### Breithiúnas Foriomlán

Ag teacht leis na hionchais

Sampla 2



## Sampla 2



Sampla 2



## Sampla 2


32
To do: Design and create a textile-based cover for a notebook. The cover must show creativity, have a functional feature and avoid waste. What were you aske to do?
We were asked to make a notebook cover out of felt and thread with any design we wanted and to be creative Also to avoid waste of thread and felt.
Other things you need to think about...
• How much time I had to create the cover
• how much money I spent on materials
• checked if I had anything at home already. thread, buttons.
• Picked a design I would like
Idea 2
blanket stich
running stich
buttons
pouch
Idea 1
running stich
felt
ribbon
buttons
blanket stich

## Sampla 2


Functional ideas

bookmarks
pencil holder
phone holder
pouch
ribbon to tie

Chosen Ideas and 2 reasons for choice

I chose to do idea number one because I love pink and pigs. Also because I knew I would get it done in time for the midterm

Evaluate (textile skills)

My cutting out was smooth and straight.
My stiches are tight enough holding them in place
I have no loose threads when I ended and started the running and blanket stich.
I would have left a small bit more felt at the top and bottom for the blanket stich
I would have used longer thread so I never had to end the blanket stich as it makes it look bad and not as pretty.

Evaluate (did you meet the brief?)

I designed a textile based cover with felt.
I added a functional feature which was to tie together so that the book didn't fall open.
I had no waste by wrapping my thread around paper so it didn't get tangled. I cut my felt close the edge and I used buttons from home.
I was creative and came up with my own design and colours.

## Aiseolas: Sampla 2

**CR1** Scileanna teicstílí an-néata agus cothrom, d'fhéadfaí sainaithint thús agus dheireadh na fuála blain céid a fheabhsú. Tá an ribín ceangailte go hiontach!

**CR2** Fianaise an-mhaith ar an gcruthaitheacht lena n-áirítear an rogha dathanna agus gnéithe deartha.

**CR3** Léirítear inbhuanaitheacht go han-mhaith san earra (athúsáid cnaipí agus níor cuireadh mórán snátha amú ar an gcúl agus gearradh amach go sciliúil) agus san obair scríofa (breithnithe agus meastóireacht).

**CR4** Tá léirthuiscint iontach ar fheidhm le feiceáil sa ribín slán agus feidhmiúil chun an leabhar nótaí a dhúnadh agus sa mheastóireacht

**CR4** Fianaise an-mhaith ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh a úsáid le tacú le próiseas agus táirgeadh an táirge. Sa chuid 'céard a iarradh ort a dhéanamh?' ní dhearna tú cinneadh go fóill oibriú le feilt, d'fhéadfá fabraic eile a úsáid. Tríd an gcuid sin a choinneáil oscailte agus fiosrú a dhéanamh ar an rud a iarradh ort a dhéanamh, d'fhéadfá deiseanna eile a oscailt. Roinnt pointí an-mhaith sa mheastóireacht, d'fhéadfaí a mhíniú cén fáth a raibh na pointí ar scileanna teicstílí sa mheastóireacht go maith agus arbh fhiú iad a dhéanamh go maith.

### Breithiúnas Foriomlán

Os cionn na n-ionchas

Sampla 3



Sampla 3



Sampla 3



## Sampla 3



## Sampla 3


To do: Design and create a textile-based cover for a notebook. The cover must show creativity, have a functional feature and avoid waste. What were you asked to do?
We were asked to come up with a design for a notebook cover that was creative. We had to add a working, functional feature. The cover must have been made out of fabric. When making it we had to avoid waste.
Other things you need to think about...
· You need to think about budget and where you could find cheap but good fabric embroidery thread.
· Think about what colours I want so that I know exactly what to buy.
· Time management, such as deciding to do a bit every evening.
Idea 2
Running stitch for design.
buttons
felt
functional feature (pencil holder)
blanket stich
Idea 1
buttons
chain stitch
felt
functional feature (pocket)
blanket stitch

## Sampla 3



**Functional ideas**

- pockets for pencils
- phone pocket
- pencil holder
- Bookmark
- Ribbons to tie it up

**Chosen Ideas and 2 reasons for choice**

I chose to make idea 1 because I thought the design was perfect for my level of skill and I already had buttons at home. Using ~~the~~ the buttons meant avoiding waste, which was part of what I was asked to do.

**Evaluate** (textile skills)

I had a good even spaced running stitch and I was able to stitch around corners.

I wasn't the best in chain stitch, because some loops were bigger than the others (different sizes) and too tight where I started. I should have practiced a bit more.

Next time I would strengthen the top of my pocket.

I am happy enough with my cutting out.

I need to work on my stopping and starting in blanket stitch.

**Evaluate** (did you meet the brief?)

Yes because I used textile based material (felt), I came up with a creative design, I made a functional feature (pocket), I avoided waste by saving left over thread and using buttons I already had.

**Aiseolas: Sampla 3**

**CR1** Éagsúlacht iontach scileanna léirithe ar chaighdeán an-ard. Greim reatha agus gearradh amach iontach freisin. Meastóireacht an-mhaith ar an áit a raibh an fhuáil go maith agus an áit a d'fhéadfaí í a fheabhsú.

**CR2** Cruthaitheacht ar fheabhas, dearadh uathúil. Baineadh úsáid iontach as uigeacht agus dath. Fianaise an-mhaith ar chur amú a sheachaint.

**CR3** Fianaise iontach ar inbhuanaitheacht san earra (cúl néata gan aon snáth curtha amú, gearradh amach sciliúil, feilt a bhí fágtha tar éis obair eile úsáidte do phóca agus cnaipí ón mbaile athúsáidte). Taispeánadh í go hiontach freisin sna cúiseanna don rogha agus meastóireacht.

**CR4** Tuiscint iontach ar fheidhm trína thabhairt faoi deara gur gá go mbeadh barr an phóca níos láidre chun a fheidhm a chomhlíonadh. De bharr go n-oireann méid an chlúdaigh go maith don leabhar agus gur úsáideadh méid chuí san fhuáil blaincéid, comhlíonadh feidhm an chlúdaigh.

**CR5** Fianaise iontach ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh a raibh táirge iontach mar thoradh air. Obair iontach sa mheastóireacht ina míníonn tú cén fáth agus cén chaoi a sásaíonn an obair an treoir. D'fhéadfaí an mheastóireacht ar scileanna teicstílí a fheabhsú tuilleadh trí mhíniú a thabhairt freisin ar an gcúis a bhfuil pointí a tugadh le fios go maith nó a bhféadfaí iad a fheabhsú.

**Breithiúnas Foriomlán**

Thar barr ar fad